EUROPEAN UNION

# AE MISIN

## AILSE



**Réitigh nithiúla ar na dúshláin is mó dár linne**

#EUmissions #HorizonEU #MissionCancer

EUROPEAN UNION

# Cad is misin de chuid **an Aontais ann** ?

In 2021, sheol an Coimisiún Eorpach cúig mhisean de chuid an Aontais – **Misean Ailse an Aontais Eorpaigh** san áireamh.



Is tionscnaimh nua iad Misin an Aontais atá fréamhaithe i gclár taighde agus nuálaíochta Fís Eorpach. **Tabharfaidh misin réitigh nithiúla ar na dúshláin is mó dár linne**, amhail an ailse a chomhrac, oiriúnú don athrú aeráide, na haigéin, na farraigí agus na huiscí a chosaint, maireachtáil i gcathracha níos glaise agus ithir agus bia níos sláintiúla a áirithiú.

Beidh **gach Eorpach rannpháirteach sna misin ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil.**

Baineann siad leis an méid is féidir linn a dhéanamh le chéile chun an domhan ar mian linn maireachtáil ann a mhúnlú.

EUROPEAN UNION

# Dul i ngleic le hailse ó gach **taobh**

Is é sprioc uileghabhálach an Mhisin Ailse **saol níos mó ná 3 mhilliún duine a fheabhsú faoi 2030 trí chosc, leigheas, agus dóibh siúd atá thíos le hailse agus a dteaghlaigh, maireachtáil níos faide agus níos fearr.**

Bainfidh an Misean an méid sin amach trí aghaidh a thabhairt **ar cheithre phríomhchuspóir, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:**

1. Ailse agus a tosca riosca a **thuiscint**;
2. **Cosc** a chur ar an méid atá inchoiscthe;
3. **Diagnóisic agus cóireálacha** a bharrfheabhsú;
4. Tacú le **cáilíocht saoil** na ndaoine a bhfuil ailse orthu agus ina ndiaidh; agus rochtain chothrom á háirithiú do chách.

Tá na cuspóirí sin oiriúnach le chéile ar bhealach iomlánaíoch faoin Misean Ailse chun saol agus ionchais na milliún Eorpach a fheabhsú faoi 2030.



EUROPEAN UNION

# Misin ag obair **le chéile**

Le **sineirgí** tábhachtacha, déantar cuspóirí Mhisean Ailse an Aontais Eorpaigh a nascadh le misin eile an Aontais. Cuireann siad ar chumas na Misin éagsúla a chéile a threisiú agus torthaí a fheabhsú. Is fíor sin go háirithe maidir le **cosc agus caighdeán na beatha a fheabhsú:**

1. Úsáid carranna i gceantair uirbeacha a theorannú, oibríochtaí iompair a dhigitiú nó iompar poiblí a fhorbairt, agus naisc siúil agus rothaíochta níos fearr a fhorbairt, cruthófar timpeallacht mhaireachtála níos sláintiúla agus stíleanna maireachtála níos gníomhaí trí **Mhisean na gCathracha Aeráidneodracha agus Cliste;**

2. Trí thruailliú san aigéan agus sna huiscí a chosc, a íoslaghdú, a leigheas agus faireachán a dhéanamh air, tacóidh **Misean na nAigéan** le cosc na hailse;

3. Trí thimpeallacht atá saor ó thruailliú, feirmeoireacht orgánach, bia neamhthruaillithe sábháilte agus aistí bia níos sláintiúla a chur chun cinn, áiritheoidh an **Misean Sláinte Ithreach agus Bia** cáilíocht níos fearr uisce agus aeir, agus laghdóidh sé éilliú bia le ceimiceáin, rud atá ríthábhachtach chun ailse a laghdú;

4. Cáilíocht an aeir a mhéadú, truailliú aeir a chomhrac, caighdeán na beatha a fheabhsú agus daoine leochaileacha a chosaint, lena n-áirítear iad siúd atá i mbaol níos mó ailse, is príomhchuspóirí iad sin den **Mhisean um Oiriúnú don Athrú Aeráide**.

Dá réir sin, rannchuideoidh an Misean Ailse, trí ghníomhaíochtaí maidir le soláthar inbhuanaithe (e.g. éifeachtúlacht fuinnimh seirbhísí agus foirgneamh cúraim sláinte a mhéadú) agus éilliú bia agus uisce le cógaisíocht/ceimiceáin a chosc, leis na misin eile a spriocanna a bhaint amach.

EUROPEAN UNION

# Dul i gcomhar le chéile chun an ailse **a chomhrac**

Cinntíonn Misean Ailse an Aontais Eorpaigh go bhfuil an **taighde agus an nuálaíocht fite fuaite leis na gníomhaíochtaí beartais a chumhdaítear le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa.**

Tacóidh an Misean le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa **trí chur chuige nua maidir le taighde agus ceapadh beartas sa réimse** a chumasú agus a luathú. Cinnteoidh sé sin gur féidir na gníomhaíochtaí atá beartaithe faoin bPlean a chur chun feidhme go rathúil i **gcur chuige comhtháite** chun a dtionchar a mhéadú.

Bíonn rúnaíocht an Mhisin Ailse i mbun **idirphlé leanúnach leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara araon:**

- Tagann **AIREACHTAÍ SLÁINTE AGUS TAIGHDE** le chéile go rialta i bhfoghrúpa ailse an Ghrúpa Stiúrtha um Chur Chun Cinn na Sláinte, Cosc Galar agus Bainistiú Galar Neamhtheagmhálach;
- Bailíonn **GRÚPA TEAGMHÁLA PÁIRTITHE LEASMHARA** a cruthaíodh faoin Ardán um Beartas Sláinte níos mó ná 300 eintiteas poiblí agus príobháideach. Is príomhghné de chur chun feidhme an mhisin é mar go gcumasaíonn sé rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí uile a dhéanann ionadaíocht ar leanúntas taighde, coisc, diagnóise, cóireála, cúraim, comhshaoil, cothaithe, eolaíochtaí sóisialta, innealtóireachta agus eile.



EUROPEAN UNION

# Cad iad na dúshláin a bhaineann **leis an ailse** ?

NÁ 2.7 MILLIÚN DUINE

Déantar diagnóis ailse ar níos mó ná 2.7 milliún duine sa 27-AE gach bliain, agus faigheann 1.3 milliún duine bás ón ngalar gach bliain.

1.3 MILLIÚN AG FÁIL BHÁIS

Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú suntasach ar an líon sin sna blianta amach romhainn mar thoradh ar aosú daonraí, stíleanna maireachtála mífholláine agus tosca riosca neamhfhabhracha eile agus deitéarmanaint sláinte.

Is ualach í an ailse ar othair agus ar a dteaghlaigh agus ar a gcúramóirí freisin, rud a bhfuil impleachtaí forleathana sochaíocha ag baint léi. B'ionann costas eacnamaíoch na hailse agus €199 mbilliún in 2018*, lena n-áirítear costais cúraim sláinte, caillteanas táirgiúlachta agus costais chúraim neamhfhoirmiúil.

*Ar fud 27AE, mar aon leis an Íoslainn, an Iorua, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe.

Ina theannta sin, tá neamhionannais ollmhóra ann maidir le rochtain ar scagthástáil agus ar chúram ailse san Aontas Eorpach.

EUROPEAN UNION

# Ailse & COVID-19 dúshlán **dúbailte**

Tá an tionchar suntasach atá ag an ailse ar an tsochaí ag dul in olcas mar thoradh ar phaindéim COVID-19.

Ar an gcéad dul síos, toisc go bhfuil baol méadaithe ag othair ailse go bhforbróidh siad cineálacha tromchúiseacha COVID-19.

Ina theannta sin, laghdaíodh gníomhaíochtaí rialaithe ailse, amhail vacsaíniú agus scagthástáil, mar gheall ar an bpaindéim. Bhí tionchar aige sin ar líon na ndaoine a vacsaíníodh in aghaidh víreas heipitíteas B, víreas papilloma daonna agus líon na n-othar a diagnóisíodh go luath le hailse agus a cóireáladh in am dóibh, chomh maith le caighdeán na beatha agus ionchas saoil na n-othar sna blianta atá le teacht.



EUROPEAN UNION

# An chaoi a gcabhróidh Misean Ailse an Aontais Eorpaigh

Trí chur chuige ilghnéitheach a ghlacadh, laghdóidh an Misean costais aonair agus costais shochaíocha na hailse. Dá bhrí sin, beidh sé d'aidhm aige an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Tuiscint níos fearr a fháil ar ailse agus ar na cúiseanna atá léi: trí thaighde feabhsaithe agus aistriú luathaithe ó thaighde go beartas poiblí, chun 40 % d'ailsí a chosc.

2. Rochtain chothrom ar dhiagnóis agus ar chóireálacha a chinntiú: trí mhodhanna agus teicneolaíochtaí nua a fhorbairt le haghaidh scagthástála agus luathbhraite chun cóireálacha nach bhfuil chomh hionrach céanna a chur ar fáil, chun deiseanna marthanais a mhéadú agus chun caighdeán na beatha a fheabhsú.

3. Feabhas a chur ar shaol na n-othar le linn na cóireála agus ina dhiaidh araon: trí chláir faireacháin do mharthanóirí ailse, tuiscint níos fearr ar réitigh ar raon fo-iarsmaí fisiciúla agus meabhracha agus comhghalrachtaí, chomh maith le stiogma a laghdú.

EUROPEAN UNION

# Ag obair **le chéile**

Ní mór do Mhisean Ailse an Aontais Eorpaigh ceannach isteach sna hearnálacha éagsúla agus ó pháirtithe leasmhara, ag díriú ar riachtanais na n-othar agus a dteaghlach, agus ag tabhairt do gach duine a bhfuil baint acu lena rath. I measc na dtionscnamh chun é a dhéanamh níos éasca do mhuintir na hEorpa páirt a ghlacadh sa Mhisean tá:

**Aip mhóibíleach AE maidir le hAilse a Chosc** - faisnéis a roinnt maidir le conas tairbhe a bhaint as forbairtí nua i measúnú riosca ailse phearsantaithe, bealach chun daoine a chumhachtú chun a sláinte féin a bhainistiú;

**Saotharlanna Beo** - deiseanna a chruthú chun taighde trasearnála, comhroinnt eolais agus cur chun feidhme teicneolaíochtaí nua a fheabhsú;

An tionscnamh **HealthyLifestyle4All** - spórt, gníomhaíocht choirp agus aistí bia sláintiúla a chur chun cinn;

**An Treoir maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí** - lena dtugtar isteach saoire do chúramóirí neamhfhoirmiúla agus an fhéidearthacht socruithe solúbtha maidir le ham oibre a iarraidh chun an brú ar a bhfolláine coirp, meabhrach agus airgeadais a laghdú;

Tacú le **daoine a tháinig slán ón ailse** filleadh ar an obair - tacaíocht ón Aontas a áirithiú do chláir na mBallstát le haghaidh athsciliú agus uas-sciliú chun cabhrú le daoine a tháinig slán ón ailse dul isteach arís i margadh an tsaothair.

EUROPEAN UNION

# Saoránaigh a mhealladh **chun páirt a ghlacadh**

Chun tuairimí agus riachtanais na saoránach a chur san áireamh, baineann an Misean leo i ndearadh, i gcur chun feidhme agus in athbhreithniú na ngníomhaíochtaí misin lena chinntiú go n-éistfear leo, go ndéanfar ionadaíocht orthu agus go rachfar i ngleic leo ar fud an domhain.

Díreoidh gníomhaíochtaí éagsúla amhail ceardlanna, fócasghrúpaí agus suirbhéanna ar shaoránaigh a bhfuil cúlraí éagsúla saoil acu, lena n-áirítear daoine óga, othair agus a dteaghlaigh agus cúramóirí, agus daoine scothaosta. Chun rannpháirtíocht a chothú, cuirfear gach gníomhaíocht in oiriúint dá lucht féachana ar leith agus dá teanga náisiúnta.



EUROPEAN UNION

# Cad **atá ag tarlú anois**?

Baineann Misean Ailse an Aontais Eorpaigh tairbhe as tacaíocht trí réimse foinsí:

## €255 MHILLIÚN

Le plean oibre Fís Eorpach 2021-2022, sannadh €255 mhilliún do na ceithre chuspóir Mhisean Ailse;

## €1.25 BILLIÚN SAN IOMLÁN

Maoiniú do Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa: clár EU4Health, €1.25 billiún san iomlán; an Clár don Eoraip Dhigiteach, lena gcuirfear suas le €250 milliún ar fáil do thionscadail a bhaineann le hailse agus d'infheistíochtaí sláinte digiteacha eile; clár Erasmus+; gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie, lena gcuirfear suas le €500 milliún ar fáil do thionscadail oideachais, oiliúna agus taighde ar ailse; agus cistí náisiúnta agus infheistíochtaí príobháideacha.

## GEALLSEALBHÓIRÍ

Déanfaidh moil mhisin náisiúnta thiomnaithe maidir le hailse údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a nascadh le geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha trí idirphlé beartais, trí rannpháirtíocht na saoránach agus trí ghníomhaíochtaí for-rochtana.

**EUROPEAN UNION**

# Ag dul níos faide ná **taighde** agus **nuálaíocht**



Chomh maith le taighde a mhaoiniú, tugann Misean Ailse an Aontais Eorpaigh faoi phríomhghníomhaíochtaí chun a sprioc a bhaint amach:

1 **Tionscnamh Eorpach chun tuiscint a fháil ar an ailse** (ardán UNCAN.eu) a bhunú chun tacú le fionnachtana i gcúram ailse trí thaighde, sonraí othar agus sonraí eile a chomhcheangal;

2 **Lárionad Digiteach Othar Ailse Eorpach** a bhunú chun cuidiú le cúram pearsantaithe a chur ar fáil d'othair ailse agus do mharthanóirí ailse trí shonraí agus eispéiris a chomhroinnt;

3 Rochtain níos fearr ar chúram ailse a áirithiú d'othair agus do mharthanóirí trí bhíthin **Bonneagair Chuimsitheacha Ailse.**

EUROPEAN UNION

# Cad atá bainte amachgo dtí seo ag roinnt tionscadal a fuair **maoiniú ón Aontas Eorpach** ?

CUSPÓIR: **AILSE A THUISCINT**

## BCAST

Bhí sé mar aidhm ag tionscadal B-CAST mná a shainaithint a bhfuil baol measartha go hard ann go dtiocfadh ailse chíche chun cinn trí fhaisnéis ghéiniteach agus stíl mhaireachtála a chur le chéile. Chuidigh sé le mná agus dochtúirí a chumhachtú le heolas níos fearr ar fhochineálacha éagsúla ailse chíche agus, mar thoradh air sin, straitéisí níos indibhidiúlaithe a thógáil maidir le cosc agus cóireáil.

https://cordis.europa.eu/article/id/434351-tumour-goldmine-offers-fresh-insight-into-breast-cancer-subtypes

## PrECISE

PrECISE teicneolaíocht ríomhaireachtúil thuarthach forbartha a úsáideann sonraí móilíneacha agus cliniciúla chun ár dtuiscint ar mheicníochtaí galair a fheabhsú agus chun cliniceoirí a chur ar an eolas faoi na straitéisí is fearr le haghaidh idirghabhála teiripeacha.

https://precise-project.eu/

EUROPEAN UNION

# Cad atá bainte amachgo dtí seo ag roinnt tionscadal a fuair **maoiniú ón Aontas Eorpach** ?

CUSPÓIR: **COSC**

## MyPEBS

Is é MyPebs an dara triail scagthástála ailse chíche is mó ar domhan ar domhan. D'fhéadfadh straitéisí scagtha pearsantaithe, bunaithe ar leibhéil riosca aonair, feabhas a chur ar an gcóimheas sochair/géire aonair den scagthástáil - amhail brath ailse níos luaithe agus cóireálacha nach bhfuil chomh dian sin i measc mná ardriosca, níos lú bréagdheimhneach agus ró-dhiagnóisiú i measc cinn a mbaineann riosca íseal leo - agus cost-éifeachtúlacht an árachais sláinte náisiúnta a mhéadú.

https://www.mypebs.eu

## FORECEE

Bhí tionscadal FORECEE bunaithe ar thástálacha Sainaitheantais Riosca Ailse na mBan (WID) ina dtuartar go bhfuil baol aonair ann go bhforbróidh mná ailsí baineanna (ailse chíche, ailse ubhagáin, ailse inmheitriamagus ailse cheirbheacs). D'fhiosraigh sé na bealaí is fearr chun na tástálacha WID sin a ionchorprú i gcláir mhórscála scagtha agus coisc atá cost-éifeachtach don phobal ar fad.

https://cordis.europa.eu/project/id/634570

EUROPEAN UNION

# Cad atá bainte amachgo dtí seo ag roinnt tionscadal a fuair **maoiniú ón Aontas Eorpach** ?

CUSPÓIR: **DIAGNÓIS AGUS CÓIREÁLACHA**

## ONCOBIOME

Ag baint úsáid as cohóirt de bhreis agus 3000 othar a bhfuil ailse orthu i 10 dtír, tá comhpháirtithe an tionscadail ONCOBIOME ag obair chun sínithe micribhithóm a bhaineann le tarlú ailse, prognóis agus freagairt do theiripe a aithint. Táthar ag súil go dtiocfaidh as torthaí tionscadail tástálacha diagnóiseacha agus prognóiseacha nua le haghaidh ailse, chomh maith le réamh-bhitheolaíocht agus pro-bhitheolaíocht shaincheaptha d'othair.

https://www.oncobiome.eu/

## EUROSCARC

Bhí sé d'aidhm ag EuroSARC trialacha cliniciúla nuálacha a dhéanamh chun cleachtas cliniciúil d'othair óige agus d'othair aosacha a bhfuil sarcómaí cnámh agus fíochán bog acu a athrú. Chuir sé ar chumas punann uathúil trialacha cliniciúla a fhorbairt ar na sarcómaí, agus forbairt a dhéanamh ar thionscadail taighde aistritheacha arb é is aidhm dóibh bithmharcóirí tuarthacha agus modhanna gníomhaíochta na dteiripí a ndearnadh tástáil orthu a shainaithint.

https://cordis.europa.eu/project/id/278742/reporting

EUROPEAN UNION

# Cad atá bainte amachgo dtí seo ag roinnt tionscadal a fuair **maoiniú ón Aontas Eorpach**?

CUSPÓIR: **CAIGHDEÁN NA BEATHA**

## SurPass

Tá saincheisteanna sláinte uathúla fós ag daoine a tháinig slán ón ailse óige san Eoraip de réir mar a fhásann siad, rud a fhágann go bhfuil cúram leantach fadtéarmach ríthábhachtach. Forbraíodh réiteach an Phas Marthanais (SurPass) chun forbhreathnú iomlán ar a gcóireáil agus ar a moltaí pearsantaithe a chur ar fáil do mharthanóirí, chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag gairmithe leighis ar an bhfaisnéis uile is gá i gcás saincheisteanna sláinte amach anseo.

https://siope.eu/activities/joint-projects/survivorship-passport/

## eSMART

Dhírigh an staidéar eSMART ar chóras cianfhaireacháin a mheas le haghaidh comharthaí a bhaineann le ceimiteiripe in othair a bhfuil cineálacha éagsúla ailse ardfhorbartha acu. D'imir sé tionchar dearfach ar sheirbhísí agus ar thorthaí othar i gcúig thír an staidéir trí mhodhanna fíorúla a thabhairt d'othair agus do ghairmithe chun siomptóim a mheas agus a bhainistiú le linn ceimiteiripe i suíomh cúraim baile.

https://www.strath.ac.uk/science/computerinformationsciences/esmart/

#EUmissions #HorizonEU #MissionCancer